Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge
Foirm Iarratais ar Aitheantas – ERASMUS Gaeltachta

Ar mhaithe le cabhrú leis an Roinn an phleanáil chuí a dhéanamh iarrtar ort an fhoirm seo agus í comhlánaithe go hiomlán a sheoladh go leictreonach chuig colaistigaeilge@drcdg.gov.ie le go mbainfidh sí an Roinn amach mí roimh thús an chúrsa.

Don oifig amháin: Cód Aitheantais:

Ráiteas Príobháideachais

Tá an Roinn tiomanta do phríobháideachas a chosaint agus a urramú agus baineann sí leas as bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí chun do chuid sonraí a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. Ní phróiseálfaidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta chun aon chríche ach amháin chun na críche sin dár bailíodh iad. Féadfaidh sé go malartófar sonraí pearsanta le Ranna eile Rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne, nó comhlachtaí eile poiblí, chun na críche sin dár bailíodh iad nó i gcúinsí áirithe i gcás ina bhforáiltear amhlaidh le dlí. Ní choimeádfaidh an Roinn do shonraí pearsanta ach amháin fad a bheidh sé riachtanach chun na críche dár bailíodh iad agus dá ndearnadh próiseáil ina dhiaidh sin orthu. Nuair a rachaidh an riachtanas gnó chun an fhaisnéis seo a choimeád in éag, scrúdófar í d'fhonn na sonraí pearsanta a léirscriosadh a luaithe is féidir, agus de réir bheartas na Roinne. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi Chosaint Sonraí a fháil ar ár suíomh gréasáin ar: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-forbartha-tuaithe-agus-pobail-agus-gaeltachta/eolas-eagraiochta/cosaint-sonra%C3%AD/

An tAcht um Shaoráil Faisnéise

De réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 is féidir leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán scaoileadh (ar iarratas) le taifid agus faisnéis áirithe atá tugtha ag tríú páirtí i gcomhfhreagras, in iarratais nó i gcáipéisí taca. Má tá aon eolas mothálach i do chomhfhreagras leis an Roinn, ní foláir é sin a léiriú agus míniú a thabhairt cén fáth nár chóir scaoileadh leis i gcás go n-iarrtar an t-eolas sin faoin Acht.

I gcás go n-iarrtar ar an Roinn scaoileadh le haon eolas a cheaptar a bheith mothálach, rachaimid i gcomhairle leat sula ndéantar cinneadh faoin iarratas. Ní bheidh an Roinn freagrach don iarratasóir ná do dhuine ar bith eile as caillteanas, damáiste nó costas de chineál ar bith a d'fhéadfadh eascairt go díreach nó go hindíreach as seo. Is féidir tuilleadh faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a fháil ar ár suíomh gréasáin ar: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-forbartha-tuaithe-agus-pobail-agus-gaeltachta/eolas-eagraiochta/r%C3%A9amhr%C3%A1/

---

1. Sonraí ginearálta na hOllscoile / na hInstitiúide triú leibhéal

Ainm na hOllscoile/na hInstitiúide:

Seoladh agus Éirchód:

Teideal na Roinne/an Aonaid atá i mbun an iarratais:

Ainm an Phríomhtheagmhalaí:

Seoladh r-phoist:

Seoladh shuíomh idirlín na hOllscoile/na hInstitiúide:

2. Sonraí an Chláir Léinn a chuimseoidh an Seimeastar Gaeltachta

Teideal an chláir léinn a bhfuil na mic léinn ag freastal air san Institiúid	An Líon Mac Léinn atá i gceist don Seimeastar Gaeltachta	An bhliain den chlár léinn a mbeidh na mic léinn inti le linn dóibh a bheith ag freastal ar an Seimeastar Gaeltachta	Leibhéal an chláir léinn ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) leagan Gaeilge den QQI/NFG le lua chun tosaigh)

Dáta Tosaithe an tSeimeastair Ghaeltachta:

Dáta Críochnaithe an tSeimeastair:

3. Clár an tSeimeastair Ghaeltachta

(i) **Déan cur síos (gan dul thar 300 focal) ar an gclár teagaisc, ar na himeachtaí cultúrtha agus sóisialta a dtabharfaidh na mic léinn fúthu le linn an tSeimeastair Ghaeltachta ar mhaithe le:**

- ard-inniúlacht sa Ghaeilge a chothú i measc na mac léinn, agus
- tuiscint ar chultúr dúchasach na Gaeltachta a chothú i measc na mac léinn.

(Bunriachtanas is ea é gur trí mheán na Gaeilge a bheidh an Seimeastar Gaeltachta á riar agus á sheachadadh ina iomláine)

(ii) **Déan cur síos ar na seisiúin fhoirmiúla a bheidh i gceist maidir le scileanna teanga na mac léinn a fhorbairt** (e.g. ranganna teanga, ceardlanna, etc).

(iii) **Déan cur síos ar na seisiúin a bheidh i gceist ar mhaithe le tuiscint an mhic léinn ar chultúr dúchasach na Gaeltachta a chothú** (e.g. ceardlanna, imeachtaí cultúrtha agus ócáidí sóisialta foirmiúla).

(iv) **Déan cur síos ar na beartais mheasúnaithe a bheidh i bhfeidhm ag an Ollscoil/Institiúid tríú leibhéal.**

4. Foireann Stiúrtha agus Teagaisc an chláir

Iarrtar ort, chomh fada agus is féidir, sonraí a chur ar fáil faoi(n) na stiúrthóir(í) a bheidh fostaithe:-

Uimhir	Ainm & Sloinne	Stiúrthóir(í) an tSeimeastair Ghaeltachta	Cáilíochtaí sa Ghaeilge agus Cáilíochtaí eile
1.			
2.			
3.			
4.			

---

5. Tráthchlár Seachtainiúil Samplach

Léirigh an leagan amach a bheidh ar an tráthchlár ar mhaithe le bunaidhmeanna an tSeimeastair Ghaeltachta ó thaobh tumtha teanga agus cultúir de, mar atá luaite thuas, a bhaint amach

Clár Ama an chúrsa (Luan go Domhnach de réir mar a bhaineann)							
	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine	Dé Sathairn	Dé Domhnaigh
Maidin							
Lón							
Tráthnóna							
Oíche							

---

6. Sonraí – Ionad Reáchtála an chláir

Iarrtar ort, sa tábla thíos sonraí a chur ar fáil maidir leis na hionaid a bheidh in úsáid

Teideal an Ionaid / na nIonad	Seoladh	Éirchód	Áiseanna (e.g., Seomraí Léachta, Saotharlann Ríomhaireachta, Seomraí Staidéir, Leabharlann, Bialann, Ceangal Leathanbhanda, Eduroam, Spás Staidéir agus Sóisialta, Timpeallacht Fhíorúil Foghlama)

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

▪ Nach bhfuil aon eolas mothálach san iarratas seo ná in aon cháipéis thaca agus go dtuigimid gur féidir leis an Roinn scaoileadh le cuid nó le hiomlán an eolais chun críche an Achta thuasluaite.	**Roghnaigh**

---

7. Dearbhú

Dearbhaím mar Stiúrthóir an Chláir:

- go mbeidh an ollscoil/institiúid tríú leibhéal freagrach as cúram cuí a dhéanamh de na mic léinn fad is atá siad ag freastal ar an nGaeltacht. Is faoin ollscoil/institiúid tríú leibhéal atá sé dá réir, a chinntiú go ndéantar monatóireacht chuí leanúnach ar leas na mac léinn trí chéile i gcaitheamh an ama.

Sínithe: Dáta:
Stiúrthóir(í) na hOllscoile / na hInstitiúide Tríú Leibhéal

Ba chóir an fhoirm iarratais seo agus í comhlánaithe go cuí a sheoladh chuig an seoladh a leanas:
colaistigaeilge@drcdg.gov.ie - mí roimh thús an chúrsa.

Rannóg na gColáistí Gaeilge, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, na Forbacha, Gaillimh, H91 KX39
☎ 091 503700 ✉ colaistigaeilge@drcdg.gov.ie

Conas an fhoirm a líonadh

Caithfidh tú gach cuid den fhoirm thairisceana seo a chomhlánú.

Ba chóir cloí leis an méid seo a leanas agus an fhoirm seo á comhlánú:

- Ná húsáid ACH **Microsoft Word** nó an ríomhchlár coibhéiseach foinse oscailte **OpenOffice Writer** chun an fhoirm seo a chomhlánú. Má úsáidtear aon ríomhchlár eile chun an fhoirm a líonadh isteach déanfar an doiciméad a thruailliú agus ní bheifear in ann é a uaslódáil.
- Má tá tú ag úsáid OpenOffice bain úsáid as http://openoffice.org amháin. Bogearra saor in aisce atá ann agus is féidir é a íoslódáil agus a shuiteáil go tapa.
- Ná hathraigh aon cheann de na socruithe slándála ar an bhfoirm.
- Ná sábháil an fhoirm ACH i bhformáid .doc nó .docx. Má shábháiltear an fhoirm mar chineál comhaid eile, déanfar an doiciméad a thruailliú agus ní bheifear in ann é a uaslódáil. Má thugtar rogha duit in OpenOffice sábháil san fhormáid reatha nó i bhformáid ODF, caithfidh tú "Keep Current Format" a roghnú.

Iontráil d'inneachar ar an bhfoirm mar seo a leanas:

Ticbhoscaí	• Cliceáil ar bhosca chun tic a chur ann; cliceáil air arís chun an tic a bhaint. • Ná sáraigh uaslíon na dticbhoscaí atá léirithe ar an bhfoirm.
Réimsí téacs	• Cliceáil ar an mbosca liath laistigh de gach réimse freagra chun do théacs nó d'fhigiúirí a iontráil. • **Microsoft Word:** cuir téacs isteach sa bhosca liath go díreach. • **OpenOffice Writer:** cliceáil ar an mbosca liath agus cuir do théacs isteach sa réimse ionchuir a thagann aníos.
Teorainneacha focal	• Léirítear teorainn focal nach bhfuil ann ach buille faoi thuairim i gcás roinnt ceisteanna.
Táblaí	• Cliceáil ar an mbosca liath laistigh de gach cill sa tábla chun téacs agus figiúirí a iontráil. • Iontráil dátaí san fhormáid (lá,mí,bliain) *ll/mm/bbbb* – mar shampla, xx/xx/xxxx.

Rannóg na gColáistí Gaeilge, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, na Forbacha, Gaillimh, H91 KX39
☎ 091 503700 ✉ colaistigaeilge@drcdg.gov.ie